

# Eleathanach260

Dé Luain 23 Aibreán 2017

## Coachella

Bhí féile ollmhór ar siúl in California i rith laethanta saoire na Cásca. Bhí Kendall agus Kylie Kardashian ag an bhféile. Bhí go leor daoine cáiliúla ann.

Bhí an ghrian ag taitneamh. Bhí Lady Gaga agus Lamar ar an stáitse. Bhí Lady Gaga ar fheabhas. Chan Lady Gaga ag an SuperBowl i mbliana freisin.

Dhíol siad beagnach 200,000 ticéad don cheolchoirm. Mar aon le ceol bhí ealaín le feiceáil freisin. Tá an-cháil ar an bhféile ceoil agus ealaíne seo ar fud an domhain.



Sampla den ealaín ag Coachella.



Seo grianghraf de Jonathan Sexton!

## Rugbaí

Beidh go leor rugbaí ar siúl an samhradh seo sa Nua-Shéalainn. Tá 11 imreoir rugbaí ó fhoireann rugbaí na hÉireann ar an bhfoireann Lions. Beidh siad ag dul chuig an Nua-Shéalainn.

Beidh 3 chluiche rugbaí acu leis an bhfoireann ón Nua-Shéalainn. Ar an bhfoireann beidh Iain Henderson, CJ Stander, Seán O' Brien, Conor Murray, Jonathan Sexton, Robbie Henshaw, Jared Payne, Tadhg Furlong, Rory Best agus Jack McGrath. Is é Sam Warburton captain na foirne.

Rachaidh go leor Éireannach chuig an Nua-Shéalainn chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann i rith an tsamhraidh. Go n-éirí leis na buachaillí! 😊

## Cruinniú na Cásca

Bhí Cruinniú na Cásca ar siúl ar Luan Cásca. Imeacht poiblí saor in aisce é a bhí ar siúl i mbailte agus i gcathracha ar fud na hÉireann. Bhí sé ar siúl ar an 17 Aibreán 2017. Bhí béim ar chultúr agus ar chruthaitheacht.

Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl don teaghlach iomlán. Bhí ceol agus damhsa beo, códú, amharclannaíocht, ceardlanna ceoil agus ealaíon, cainteanna agus blaiseadh bia, léitheoireacht agus ábhar ar scáileán agus imeachtaí speisialta eile ar siúl ar an lá speisialta seo. Thaitin na himeachtaí le gach duine. Ar ghlac tú páirt i gCruinniú na Cásca?



Bhain na páistí seo taitneamh as Cruinniú na Cásca